

Molláí Cúl



Irish Independent



eureka



Maidhc Reascóp

Buaiteoir 2005 – Gradam Domhanda an Léitheora Óig – Cumann Domhanda na Nuachtán (WAN)

Imleabhar 7, Eagrán 28
8 Meitheamh 2011

The Irish Independent Forlíonadh Eolaíochta do Scoileanna



Lá fada te faoi lánseol

Ag deireadh na míosa seo, díreach nuair a bheid tú ag tosú ar shaoire an tsamhraidh, beidh níos mó ná 70 long de na Longa Arda is gleoite ar domhan, ag seoladh aníos Abhainn na Siúire go dtí Cathair Phort Láirge. Ar an 3 Iúil, tosóidh Rás na Long Ard. Seolfaidh na longa ar aghaidh go dtí Greenock, Lerwick, Stavanger, agus críochnóidh an rás in Halmstad. Úsáid cruinneog nó atlas chun fáil amach cé acu tíortha a bhfuil na

háiteanna seo iontu.

Bionn Rás na Long Ard ar siúl gach samhradh. Is féidir le daoine óga as tír ar bith páirt a ghlacadh ann agus scileanna seoltóireachta agus scileanna eile a fhoghlaim freisin. Caithfidh daoine bheith 15 bliana d’aois, ar a laghad, chun páirt a ghlacadh san eachtra iontach seo – b’fhéidir go mbeifeá féin páirteach ann i gceann cúpla bliain!

Is mór an spórt é bheith amuigh

ar an bhfarraige, ach uaireanta, ní thugaimid faoi deara ach an t-uisce féin. Ach tá na haigéin lán le beatha (life) agus is foinse iontach bia iad don domhan. Maireann níos mó ná 1 mhilliún **speiceas** plandaí agus ainmhí sna haigéin. Deir eolaithe go mb’fhéidir go bhfuil suas le 9 milliún sórt eile nach bhfuil aimsithe (found) acu fós. Deir roinnt eolaithe go bhfuil níos mó ar eolas againn faoin spás ná mar atá ar eolas againn faoi na

haigéin anseo ar an domhan.

Léigh leat faoi longa, faoi sheoltóireacht agus faoi roinnt d’iontais na farraige. Ná déan dearmad gur bhuaigh rang éigin saorchead isteach in Uisceadán Náisiúnta na hÉireann. Tá ainm an ranga ar an leathanach cúl. Bain taitneamh as saoire an tsamhraidh, pé áit a mbeidh tú, agus beidh Eureka ar ais leat i mí Meán Fómhair seo chugainn, lán le heolas agus le heolaíocht.

Faoi lánseol

Tá seolta ar na longa uile atá páirteach i Rásaí na Long Ard. Is cosúil leis na longa a bhí ag seoladh fadó iad. Bhí na longa sin ag brath ar ghaoth chun iad a chur ag gluaiseacht. Inniu, tá díosal in úsáid ar longa mar fhoinsé cumhachta. Tá cumhacht núicléach in úsáid ar roinnt long! Tá longa le seolta in úsáid i spórt inniu.



Gníomhaíocht

Dear agus Déan Bád Seoil



Bailigh pictiúir de luaimh (yachts) agus de bháidíní (dinghies) éagsúla, nó de na longa arda a bheidh páirteach sa Rás. Anois, dear agus déan bád seoil duit féin. Is féidir úsáid a bhaint as na hábhair atá luaite thíos. B'fhéidir go bhfuil ábhair oiriúnacha agat féin - má tá, bain úsáid astu!

BUNÁBHAIR:

- Cartáin bhainne nó dí (drinks containers), coimeádáin ime nó uachtair reoite
- Coirc
- Éadach / páipéar / plaisteach (don seol)
- Pacáistíocht pholaistíreín (polystyrene packaging)
- Soip / cipíní líreacáin (don chrann)
- Gliú
- Téad
- Siosúr

TREORACHA:

1. Dear do bhád seoil ar leathanach.
2. Déan ceann leat féin nó i ngrúpa.
3. Laineáil (launch) do bhád. An bhfanann sí ar snámh? An dtiteann sí as a chéile?
4. Séid trí shop nó gaothraigh (fan) an t-aer le cárta righin. Seo í an ghaoth!



Gníomhaíocht

Cruth an tSeoil



Féach go cúramach ar na pictiúir den dá bhád. Tá seol cearnógach ar an long Lochlannach. Bhí longa na Lochlannach in ann taisteal ón lorua, ón tSualainn agus ó thíortha eile chomh fada le hÉirinn, an Bhreatain agus Meiriceá – mar sin is léir gur longa den scoth iad. Ach tá seol triantánach ar bhád na linne seo (modern). An gceapann tú go ndéanfaidh cruth an tseoil difríocht don bhealach a sheolfaidh bád? Déan an chéad ghníomhaíocht eile anseo agus féach an féidir leat an freagra a aimsiú.

BUNÁBHAIR:

- Bád eile cosúil leis an gceann a rinne tú sa ghníomhaíocht dheireanach

TREORACHA:

1. Déan seol cearnógach do bhád amháin agus seol triantánach don bhád eile. Más **tástáil chothrom** í, ba cheart go mbeadh gach rud díreach mar an gcéanna, seachas na seolta.
2. **Tuar** cé acu bád a sheolfaidh níos tapúla, an ceann leis an seol cearnógach nó an ceann leis an seol triantánach.
3. Déan **tástáil** ar an dá bhád. Bí cinnte gur tástáil chothrom í. Leideanna: Conas a chinnteoidh tú go mbeidh an ghaoth chothrom nuair a shéidfidh sí ar an dá bhád?
4. Cé acu seol a chabhraigh leis an mbád seoladh níos tapúla? An raibh do thuar i gceart?

Dúshlán Bhreise

Imscrúdaigh seolta a bhfuil cruthanna eile orthu. Cad faoi imscrúdú a dhéanamh ar sheol cruinn? An ndéanfaidh méid an tseoil difríocht?

Long na Líreacáin

Cúpla bliain ó shin, bhailigh páistí ar fud an domhain 15 milliún cipín líreacáin agus rinne Meiriceánach long Lochlannach díobh! Laineáil sé an long in Amsterdam. Thóg sé dhá bhliain air chun na cipíní uile a chur le chéile le gliú. Tá an long 15m ar fad (in length) agus bhí 20 duine inti ar an gcéad turas. B'fhusa rafta a dhéanamh ná bád. Bain triail as rafta a dhearadh as cipíní líreacáin.





Gníomhaíocht

Dear agus Déan Rafta as Cipíní Líreacáin

BUNÁBHAIR:

- A lán cipíní líreacáin
- Glú
- Áit chun an rafta a sheoladh m.sh. doirteal mór nó folcadán
- Uisce
- Meáchain (weights) m.sh. bloic adhmaid le cur ar an rafta


Smaoinigh air seo:

1. Dear an rafta. Cén chosúlacht a bheidh air?
2. Socraigh cé chomh mór agus a bheidh an rafta. Cé mhéad cipín a theastóidh uait?
3. Conas a chuirfidh tú le chéile iad? Cé mhéad sraith (layer) a theastóidh uait?
4. Conas a chuirfidh tú an rafta ag seoladh?
5. Nuair a bheidh an rafta déanta agat, féach cad iad na difríochtaí idir é agus an dearadh a rinne tú. An bhféadfá é a fheabhsú? Scríobh síos do chuid smaointe air seo.



Gníomhaíocht

Dear agus Déan Bád Rotha



Fadó, ba ghnáth le daoine báid rotha a úsáid chomh maith le báid seoil. Tá a fhios againn go raibh báid rotha in úsáid chomh fada siar le 400 A.D. Bhí céaslaí (paddles) ar rothaí faoin mbád. Nuair a chasadh na rothaí ghluaisfeadh na báid. Níos déanaí, bhíodh gal (steam) in úsáid chun na céaslaí a chasadh. Bain triail as do bhád rotha féin a dhéanamh. Má chasann tú banda rubair go teann thart ar phársa plaisteach, beidh fuinneamh stóráilte sa bhanda agus casfaidh sin an céasla.

BUNÁBHAIR:

- Buidéilín plaisteach dí le claibín (lid)
- Coimeádán plaisteach (m.sh. bosca ime)
- Siosúr
- Banda rubair
- Seiliteip
- Dhá sheanpheann luaidhe
- Báisín mór uisce

TREORACHA:

1. Greamaigh na pinn luaidhe le taobh an bhuidéilín le seiliteip. Bíodh leath an dá pheann luaidhe ag gobadh amach thar bhun an bhuidéilín (féach ar an léaráid).
2. Gearr pársa plaisteach ón gcoimeádán. Bíodh sé in ann bogadh idir an dá pheann luaidhe.
3. Cuir an banda rubair thart ar cheann na bpeann luaidhe. Cuir an pársa plaisteach isteach sa bhanda (féach ar an léaráid).
4. Cas an banda arís agus arís eile go bhfuil sé teann (tight). Cuir an bád san uisce agus féach cad a tharlóidh.

DÚSHLÁIN BHREISE:

- Conas a mhéadófa (increase) luas do bháid?
- Conas a bheifeá in ann do bhád a chur ag cúlú (reverse)?

Ainmhithe Mara Iontacha

An mbeidh seans agat bheith cois farraige i rith an tsamhraidh? Má tá, bí ag faire amach don fhiadhúlra iontach. Is iomaí iontas a bhí le feiceáil ó thús na bliana. Mí Eanáir seo caite, bhí míol mór dronnach (humpback) in aice le cósta Loch Garman. Tá an míol mór dronnach ar cheann de na hainmhithe is mó ar an bpláinéad. Bhí laghdú (decrease) an-mhór tagtha ar líon (number) an speicis ach is cosúil go bhfuil méadú ag teacht orthu arís. Le cúpla seachtain anuas, rug iascairí ar éisc an-aisteacha san fharraige dhomhain amach ó chósta na Gaillimhe. Ach is dócha gurb é an capall mara an t-iasc is aistí (strangest) ar fad i bhfarraigí na hÉireann.



Fíricí ar Chapail Mhara



Ní cosúil le hiasc é capall mara ach is iasc é. Snámhann sé go hingearach agus tá cruth neamhghnách ar a chloigeann. Ar nós a lán éisc eile, is féidir leis a dhath a athrú. Mar sin, is féidir leis é féin a dhuaithniú (camouflage) má bhíonn sé faoi bhagairt. Bíonn roinnt capall mara le fáil i bhfarraigí na hÉireann. Itheann siad ribí róibéis (shrimps) beaga, éisc beaga bhídeacha agus aon rud eile atá beag go leor le slogadh. Maireann siad go ceann seacht mbliana. Nuair a roghnaíonn siad céile (mate), fanfaidh siad leis an gcéile sin go bás. Mar sin, is

minic go bhfeicfidh tú péire capall mara ag snámh taobh le taobh.

Tá na capaill mhara beo nuair a bheirtear iad ach tá siad beag bídeach – cúpla milliméadar ar fad. Ach béarfaidh capall mara fásta suas le 1,000 (nó níos mó fiú) ag an am céanna. Béarfaidh an capall mara baineann (female) na huibheacha (female) agus cuirfidh sí iad isteach i bpúitse ar **bholg** an chapail fhirinn (male). **Gorfaidh** (will incubate) an capall fireann na huibheacha agus nuair a bheidh siad réidh, tiocfaidh na cinn óga amach taobh istigh de chúpla uair an chloig. Béarfaidh capaill mhara áirithe níos mó ná 50,000 ceann óg beo in aon bhliain amháin.

Cé go dtagann a lán capall mara óg ar an saol, ta faitíos ar roinnt eolaithe go bhfuil an speiceas i mbaol (endangered). Díolann muintir na hÁise capaill mhara mar chógas leighis (medicine) agus seans go laghdóidh sé sin líon na gcapall mara. Tá eolaithe anseo in Éirinn ag pórú (breeding) capall mara i mbraighdeanas (captivity) – b'fhéidir go réiteoidh sin an fhadhb.

Arbh eol duit?

Má fhaigheann ceann amháin den phéire capall mara bás, bíonn 'an bhaintreach' (widow) faoi bhrón go ceann cúpla mí agus uaireanta, ní ghlacfaidh sí céile eile go ceann tamaill fhada.

Comórtas Uisceadán Náisiúnta na hÉireann



Go raibh míle maith agaibh as na hiontrálacha uile a sheol sibh isteach ar an gcomórtas a bhain le hAtlantiquaria, Uisceadán Náisiúnta na hÉireann. Má thugann sibh cuairt ar an uisceadán, beidh sibh in ann éisc bheo, m.sh. portáin agus crosóga mara, a láimhseáil. Tá 170 speiceas éisc le feiceáil, mar a bheadh amuigh san fharraige dhomhain - eascann choncair (conger eel), roc (ray), agus gliomach (lobster), ina measc. Gheobhaidh sibh amach an rud a fheicfidh súile éisc faoi eas! Agus beidh seans agaibh ligean oraibh go bhfuil sibh i bhfeithicil go domhain faoin bhfarraige.

Cén rang a raibh an t-ádh air? Bhí an-chuid iontrálacha againn agus bhí an freagra ceart ar gach ceann, beagnach. Chuireamar na freagraí cearta uile i hata agus bhí ar dhuine amháin iontráil an bhuaiteora a tharraingt amach. Tá an bua ag Rang 5 & 6, Scoil Náisiúnta na Rinne, Maol a' Chóirne, An Rinn, Dún Garbhán, Co. Phort Láirge. Comhghairdeas libh! Seolfaidh Eureka breis eolais chugaibh.

Cuir ort hata agus léine, cuir ort lacht gréine



Beidh tú amuigh ag spraoi faoin ngrian i rith an tsamhraidh. Is deas an mothúchán é solas agus teas na gréine ar do chuid craicinn agus is maith duit é. Deir roinnt eolaithe go spreagfaidh solas na gréine d'inchinn agus déanfaidh sí ceimiceáin áirithe a chuirfidh dea-ghiúmar ort. Déanfaidh do chorp **Vitimín D** mar gheall ar sholas na gréine. Coinneoidh an vitimín seo na cnámha sláintiúil. Ach déanfaidh an iomarca de sholas na gréine dochar do do chraiceann. Mar sin, cuimhnigh i gcónaí ar an mana (slogan) '**Cuir ort hata agus léine, cuir ort lacht gréine**', agus lean an dea-chomhairle sin. Ar an gcaoi seo, beidh do chraiceann slán sábháilte.

eureka

Foilsíonn an Irish Independent Eureka, i gcomhar leis an Ionad Oideachas Eolaíochta ag Coláiste Phádraig, Droim Conrach, BÁC 9, le tacaíocht ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Centre for Science Education

Aistriúchán: Bairbre Ní Ógáin
Taighde & Téacs:
Paula Kilfeather, Cliona Murphy,
Fiachra Ó Brolcháin & Janet Varley.



Eagarthóir: John Walshe

Dearadh: INM Studio

Scríobh chuig: Debbie Brennan, Eureka,
Irish Independent, 27-32 Sráid Thalbóid,
BÁC 1.

Líne do Chustaiméirí: 023 8863850 nó

Cuir ríomhphost chuig:

eureka@independent.ie

www.independent.ie/eureka

Fíricí Fóna

Tá beagnach 80% de bheatha an domhain faoi dhromchla na n-aigéan.

Mar speiceas, tá éisc ar an domhan le níos mó ná 450 milliún bliain.

Is é an míol mór gorm an t-ainmhí is mó riamh. Tá sé suas le 34 m ar fad agus meánn sé suas le 136,000 kg.

lonsaíonn siorcanna thart ar 50 -75 duine gach bliain. Ach an bhfuil a fhios agat gur mó na daoine a gheobhaidh bás mar gheall ar chealgá beiche ná a gheobhaidh bás mar gheall ar ionsaithe siorcanna?

